# Creat Rialachais Chorparáidigh don Choimisiún um Chosaint Sonraí

**Meitheamh 2022**
**An Coimisún um Choisant Sonraí**
**21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2**

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Clár

Brollach leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí....3
Réamhrá....4
Caibidil 1 - Forléargas ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí....5
Caibidil 2 - Róil agus Sannadh Freagrachta....18
Caibidil 3 – Struchtúir Bhainistíochta agus Rialachais....20
Caibidil 4 – Socruithe maidir le hIniúchadh, Deimhniú agus Comhlíonadh....23
Aguisín....30

# Brollach leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí

## Meitheamh 2022

Le roinnt blianta anuas tá tús áite á thabhairt go comhsheasmhach ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) do struchtúir agus do chleachtais láidre inmheánacha maidir le cúrsaí rialachais agus tá aird tugtha aige ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú[1] ón tráth ar tugadh an cód sin isteach sa bhliain 2016.

Faoi Alt 25 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, ceapadh mise, i mo cháil mar Choimisinéir um Chosaint Sonraí, mar Oifigeach Cuntasaíochta i ndáil le caiteachas an DPC le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Tá maoiniúchán an DPC á sholáthar trí bhíthin a Vóta ar leithligh féin d'fhonn rialú díreach agus cuntasacht a chumasú.

Is ionann an t-athrú sin agus a rá go bhfuil an DPC tar éis a chuid struchtúr rialachais a leathnú tuilleadh. Ullmhaíodh Creat Rialachais Chorparáidigh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (DPC) de réir na bprionsabal, na gceanglas agus na formáide atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís[2]. Foilsithe ar dtús i mí Eanáir 2020, léiríonn an leagan athbhreithnithe den Chreat Rialachais Chorparáidigh faisnéis nuashonraithe ar conas a chuirtear deimhniú ar fáil dom i mo ról mar Oifigeach Cuntasaíochta.

**Helen Dixon**
Coimisinéir

[1] Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) sa bhliain 2016
[2] Caighdeán Rialachais don Státseirbhís, arna eisiúint ag DPER sa bhliain 2015

## Réamhrá

### *Cuspóir*

Is é is cuspóir do Chreat Rialachais Chorparáidigh an DPC ná:

- Léargas a thabhairt dár ngeallsealbhóirí seachtracha maidir le socruithe rialachais an DPC i gcomhthéacs obair agus chuspóir an DPC, agus
- A chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill foirne an DPC ar shocruithe, ar chuntasachtaí agus ar luachanna an DPC i dtaca le cúrsaí rialachais de.

Sa Chreat Rialachais Chorparáidigh seo don DPC, leagtar amach luachanna agus iompraíochtaí an DPC. Tugtar míniú ann freisin ar na struchtúir bhainistíochta, rialachais agus eagrúcháin atá ann lena chinntiú go bhfuil an DPC i riocht maith chun a mhisean agus an chuspóirí eagrúcháin a chur i gcrích.

Tá an treoir atá le fáil sa Chreat Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís[3] curtha san áireamh sa Chreat Rialachais Chorparáidigh don DPC, lena n-áirítear forálacha bunreachtúla agus forálacha reachtúla, agus tá an Creat Rialachais Chorparáidigh don DPC i gcomhréir le forálacha iomchuí na nAchtanna Airí agus Rúnaithe 1924 go 2013, Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997agus na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998.

### *Prionsabail an Rialachais*

Is iad na croíphrionsabail atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís[4] atá ann mar bhuntaca do na struchtúir, do na beartais agus do na nósanna imeachta i leith rialachais sa Choimisiún um Chosaint Sonraí.

1. **Ionracas -** Tacaíonn dea-rialachas le cultúr agus le héiteas, rud a chinntíonn iompraíocht lena ngabhann ionracas, tiomantas láidir i leith luachanna eiticiúla agus meas ar smacht reachta.

2. **Freagracht -** Cuidíonn an dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí tairbhí inbhuanaithe eacnamaíochta agus tairbhí don tsochaí agus cuidíonn sé le cinntí a dhéanamh faoi na beartais agus faoi na hidirghabhálacha atá riachtanach leis an leas is fearr is féidir a bhaint as na torthaí agus as na tosaíochtaí sin. Ciallaíonn sé dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, iniúchóireacht agus grinnscrúdú d'fhonn cuntasacht éifeachtach a léiriú.

---

[3] Áiríonn sé sin cóid agus treoir amhail na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí a d'eisigh DPER sa bhliain 2012, an Cód maidir le Caiteachas Poiblí a d'eisigh DPER sa bhliain 2019, Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse a d'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí sa bhliain 2004, agus An Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta a d'eisigh DPER sa bhliain 2002, gan bheith teoranta do na nithe sin.

[4] Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, arna eisiúint ag DPER sa bhliain 2015

3. **Inniúlacht a Fhorbairt -** Ciallaíonn dea-rialachas inniúlacht an DPC a fhorbairt, lena n-áirítear cumas na foirne ceannaireachta, an lucht bainistíochta agus na mball foirne.

4. **Cuntasacht -** Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha maidir le bainistíocht feidhmíochta.

5. **Oscailteacht** – Le dea-rialachas cinntítear oscailteacht, próisis chomhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus caidreamh cuimsitheach le geallsealbhóirí intíre agus idirnáisiúnta.

## Caibidil 1 - Forléargas ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

*Is é is cuspóir don chaibidil seo ná forléargas a sholáthar faoin obair a dhéanaimid sa Choimisiún um Chosaint Sonraí. Sa chaibidil seo, leagtar amach ár misean, cur síos ar ár struchtúr, ár gcroíluachanna agus an tslí ina ndéantar ár gcuid oibre a phleanáil.*

### 1.1 Obair an DPC

#### *Ról an DPC*

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) údarás neamhspleách náisiúnta na hÉireann ar a bhfuil freagracht i ndáil le seasamh leis an gceart bunúsach atá daoine aonair san Aontas Eorpach (AE) i leith chosaint a gcuid sonraí pearsanta. Is ionann sin agus a rá go bhfuil freagracht ar an DPC i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus ar chomhlíonadh roinnt creataí dlíthiúla eile.

De réir an dlí, is chomhlacht neamhspleách ar fad é an DPC i dtaca leis an tslí ina gcuireann sé a chúraimí reachtúla a bhfeidhm, lena n-áirítear a bheith neamhspleách ar an Rialtas. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an GDPR go mbeidh neamhspleáchas iomlán ag an DPC. Is láidre neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an DPC ós rud é go ndéanann an tOireachtas ár maoiniúchán uile a vótáil agus nach dtagann aon chuid dár maoiniúchán ó tháillí, ó thobhaigh nó ó fhíneálacha.

Sa GDPR déantar obair gach uile údaráis maoirseachta de chuid an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an DPC, a shainiú faoi threoir na bpríomhchúraimí (Airteagal 57 den GDPR) faoi threoir na gcumhachtaí (Airteagal 58 den GDPR). Ina theannta sin, déantar cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna reachtúla an DPC a shainiú san Acht um Chosaint Sonraí 2018 (an tAcht). Tá scóip obair an DPC an-leathan ós rud é go ndéanaimid maoirseacht ar gach eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta cibé acu sonraí poiblí[5] nó sonraí príobháideach agus beag beann ar thionscal nó ar earnáil nó ar mhéid.

---

[5] Níl ach aon eisceacht amháin ann, is é sin, na Cúirteanna.

### *An Creat Dlíthiúil*

Tháinig an GDPR i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 agus tugadh isteach an tAcht an tráth céanna chun tuilleadh éifeachta a thabhairt don GDPR. Chomh maith leis sin, thug an tAcht éifeacht don Treoir AE ar a dtugtar an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (TFD)[6].

Leanann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2003 d'fheidhm a bheith acu maidir le gearáin agus sáruithe ionchasacha a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018 agus, chomh maith leis sin, maidir le gearáin agus sáruithe a bhaineann le catagóirí próiseála áirithe eile de chineál teoranta, is cuma an dtarlaíonn an phróiseáil sin roimh an 25 Bealtaine 2018 nó dá éis[7].

Ina theannta sin, tá feidhmeanna agus cumhachtaí eile ag an DPC i ndáil le creataí dlíthiúla eile, lena n-áirítear Rialacháin r-Phríobháideachais na hÉireann (2011)[8], agus áiríonn an méid sin cumhachtaí chun cionta a ionchúiseamh. De bhreis ar an reachtaíocht shonrach maidir le cosaint sonraí, tá thart ar fiche mír reachtaíochta eile ann a bhaineann le hearnálacha éagsúla a bhfuil baint acu le próiseáil sonraí pearsanta agus ní mór dúinn feidhm mhaoirseachta ar leith a chomhlíonadh ina leith sin de réir mar atá sannta dúinn faoin reachtaíocht lena mbaineann.

### *An Comhthéacs Eorpach*

Déanann an DPC maoirseacht agus forfheidhmiú ar an GDPR ar mhodh atá i gcomhréir le nósanna imeachta údarás maoirseachta cosanta sonraí i dtíortha eile de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)[9] ar baill iad ar fad den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí (BECS). Tá cúraimí an BECS i dtaca le feidhmiú comhsheasmhach an GDPR a áirithiú leagtha amach in Airteagal 70 den GDPR. Dála údaráis mhaoirseachta thíortha an LEE, tá an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ina bhall de BECS freisin agus glacann Coimisiún AE páirt i ngníomhaíochtaí agus i gcruinnithe BECS.

Tá ról AE an-lárnach ag an DPC maidir le cearta cosanta sonraí na milliún daoine ar fud an Aontais Eorpaigh agus sinn i mbun maoirseacht ar chuideachtaí teicneolaíochta, idirlín agus meán sóisialta, a bhfuil a gceannoifigí Eorpacha acu in Éirinn, a dhéanamh thar

---

[6] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n–aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle

[7] Tá na catagóirí próiseála eile sin leagtha amach in Alt 8(1)(a) agus (b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

[8] Ionstraim Reachtúil Uimh. 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach) 2011

[9] Áiríonn an Limistéar Eorpach Eacnamaíochta gach ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

ceann gach duine san Aontas Eorpach, seachas na daoine sin amháin atá ann in Éirinn. Tugtar samhail an Ionaid Uileghnó air sin faoin GDPR.

### *An Misean*

Seo a leanas misean ardleibhéil an DPC mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise reatha (2019)[10]:
*'Cearta cosanta sonraí a chaomhnú ach comhlíonadh a bhrú chun cinn trí threoir, maoirseacht agus forfheidhmiú'.*

Seo a leanas cuspóirí straitéiseacha reatha an DPC:
- Leanúint de chumas agus acmhainn an DPC a mhéadú chun ár ról feabhsaithe faoi Chreat Dlíthiúil nua an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí a léiriú
- Leanúint de bheith ag comhoibriú go dlúth, agus de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht, le contrapháirtithe idirnáisiúnta i réimse na n-údarás maoirseachta cosanta sonraí.
- Feasacht mhéadaithe ar chosaint sonraí a bhrú chun cinn agus léargas a chothú i ndáil leis an gcomhthéacs ina ndéanaimid rialáil trí bhíthin comhairliúchán straitéiseach
- Formhaoirseacht éifeachtach a sholáthar agus ár gcumhachtaí forfheidhmiúcháin a fheidhmiú go cothrom

Tráth foilsithe an Chreata Rialachais Chorparáidigh seo, tá ár Straitéis Rialála nua á hullmhú againn don tréimhse ó 2020 go 2025.

## 1.2 Ár Luachanna, Ár nIompraíochtaí agus Ár gCultúr

### *Luachanna an DPC*

I gcomhréir leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís[11], tugann an DPC tacaíocht, agus déanann sé cur chun cinn, maidir leis an méid seo a leanas:
- Meon daingean lena ngabhann neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, comhionannas, cothroime agus meas;
- Cultúr lena ngabhann cuntasacht, éifeachtacht agus luach ar an airgead;
- Na caighdeáin is airde gairmiúlachta, ceannródaíochta agus déine.

Tá na croíluachanna atá ag DPC ailínithe leis na caighdeáin atá leagtha amach i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse[12], sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí[13] agus sa Phlean Athnuachana don Státseirbhís. Soláthraítear na caighdeáin sin do bhaill foirne DPC le gur féidir leo eolas a chur ar na cóid, ar na rialacha agus ar an reachtaíocht iomchuí go léir lena rialaítear an Státseirbhís.

---

[10] Ráiteas Straitéise an DPC 2019
[11] An Plean Athnuachana don Státseirbhís, arna eisiúint ag DPER, (2014)
[12] Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, arna eisiúint ag SIPO, (2004)
[13] An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, (1995) agus An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (2001)

Sa Choimisiún um Chosaint Sonraí, táimid tiomanta i leith na luachanna seo a leanas a léiriú le linn dúinn ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus ár bhfreagrachtaí a chomhall i gcomhréir leis na caighdeáin is airde gairmiúlachta agus le linn ár n-idirghníomhaíochtaí uile le daoine aonair, le heagraíochtaí, le comhlachtaí reachtúla agus rialála agus, chomh maith leis sin, le geallsealbhóirí eile:

- Cothroime
- Oilteacht
- Comhoibriú
- Gairmiúlacht
- Trédhearcacht
- Neamhspleáchas
- Cuntasacht
- Ionracas
- Neamhchlaontacht
- Comhionannas
- Meas

### *Cód Caighdeán agus Iompraíochta do Státseirbhísigh*

I gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhís[14]e, leagtar amach na gcaighdeáin a mbítear ag súil leo le linn do gach Státseirbhíseach a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Sa Choimisiún um Chosaint Sonraí, cinntímid, ar bhonn tráthrialta, go bhfuil ár mbaill foirne ar an eolas faoin gCód agus go dtuigeann siad é. Táimid tiomanta i leith creat láidir éifeachtach a bheith againn chun bainistiú a dhéanamh ar choimhlintí leasa agus ar chaighdeáin iompair oifigeach poiblí le go mbeidh deimhniú ann maidir le cáilíocht agus éifeachtúlacht ár gcaighdeán rialachais.

### *Eitic in Oifigí Poiblí*

Tá treoirlínte foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995[15]agus 2001[16] (na hAchtanna Eitice), ar treoirlínte iad atá dírithe ar sheirbhísigh phoiblí agus, chomh maith leis sin, ar shealbhóirí oifige lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais na reachtaíochta. Sa Choimisiún um Chosaint Sonraí, cloímid le ceanglais na nAchtanna Eitice atá leagtha amach mar a leanas.

### *Tuairisceáin Bhliantúla maidir le Ráitis Leasa*

Ní mór do bhaill foirne de chuid DPC a bhfuil poist ainmnithe acu de réir mar a fhorordaítear leis na hAchtanna Eitice ráiteas leasanna a chomhlánú agus an ráiteas son

---

[14] Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, SIPO, (2004)
[15] An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995
[16] An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

a sholáthar don Ard-Rúnaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (an Roinn) ina cháil/cáil mar údarás iomchuí i leith an DPC. Déantar fógra bliantúil a eisiúint chuig na baill foirne iomchuí maidir le tíolacadh na ráiteas leasanna agus coimeádann Rannán Acmhainní Daonna na Roinne clár cothrom le dáta ina leith sin.

### *Ráitis maidir le Leas Ábhartha*

I gcás ina bhfuil feidhm oifigiúil de chuid post fostaíochta ainmnithe le comhlíonadh agus ina bhfuil leas ábhartha san ábhar ag duine a shealbhaíonn an post sin nó ag duine 'bainteach' (e.g. gaol, páirtnéir sibhialta nó comhlach gnó), ní cheadaítear don duine an fheidhm a chomhlíonadh agus ní mór dó nó di ráiteas faoi na fíorais a thabhairt d'Ard-Rúnaí na Roinne. Má bheartaíonn an duine an fheidhm a chomhlíonadh ós rud é go bhfuil cúiseanna dosháraithe ann chun déanamh amhlaidh, ní mór dó nó di ráiteas faoi na cúiseanna dosháraithe a sholáthar don Ard-Rúnaí.

### *Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine*

Faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas[17]2014, tá oibleagáid ar gach comhlacht poiblí féachaint le deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe, comhionannas deiseanna agus córa a chur chun cinn, agus cearta daonna custaiméirí, ball foirne agus úsáideoirí seirbhíse, agus gach uile dhuine dá ndéanann a gcuid beartas agus pleananna difear.

Tá DPC tiomanta i leith an ceanglas sin a chomhlíonadh trí na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus le comhionannas agus a bhaineann lenár gcuid feidhmeanna agus leis an tseirbhís a sholáthraímid a mheasúnú agus a shainaithint. Ina theannta sin, sainaithnímid na beartais agus na cleachtais chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Cuirimid ár dtuarascálacha bliantúla faoinár gcuid forbairtí agus gnóthachtálacha ar fáil i bhformáid ar féidir le daoine den phobal rochtain a fháil orthu.

### *Saincheisteanna a bhaineann le Cúrsaí Comhshaoil agus Fuinnimh*

Comhlíonann an DPC a chuid oibleagáidí reachtúla agus a chuid oibleagáidí eile i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus fuinnimh, mar a leanas.

- De réir ceanglas faoi Straitéis na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil don Earnáil Fuinnimh 2017, tá freagracht ar Leas-Choimisinéir an DPC le haghaidh Gnóthaí Corparáideacha, Meán agus Cumarsáide i ndáil leis na gníomhartha seo a leanas a chur i gcrích agus i ndáil leis na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

[17] An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

a. Féachaint leis an sprioc reachtúil i dtaca le laghdú 35% ar úsáid fuinnimh ag comhlachtaí poiblí a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2020 de réir I.R. 426 de 2014[18],
b. Tuairisc chruinn bhliantúil faoi úsáid fuinnimh a thabhairt d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) roimh a spriocam,
c. An dul chun cinn atá bainte amach maidir le laghdú na húsáide fuinnimh a fhoilsiú i dTuarascáil Bhliantúil an DPC;

- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh de chuid na hearnála poiblí ina hiomláine, ar tionscnaimh iad a bhaineann le cúrsaí fuinnimh agus comhshaoil;
- Deireadh a chur ar an úsáid a bhaineann an DPC as plaistigh aon-úsáide, de réir Chinneadh an Rialtais dar dáta an 3 Eanáir 2019.

## *Nochtadh Cosanta*

Le hAlt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014[19], ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí nósanna imeachta inmheánacha a bhunú agus a chothabháil maidir le nochtaí cosanta a dhéanann oibrithe atá fostaithe ag comhlachtaí poiblí.

I gcomhréir leis an reachtaíocht, tá beartas curtha i bhfeidhm ag DPC chun treoir a thabhairt do bhaill foirne an DPC i dtaobh conas aon ábhar imní atá acu faoi éagóiritheoireacht ionchasach a ardú. Tá an beartas ar fáil go héasca do gach ball foirne ar inlíon DPC agus leagtar amach ann go ndéanfar ábhair imní a imscrúdú ar mhodh a oireann d'imthosca an cháis.

De bhreis air sin, tá an DPC ina "duine forordaithe" chun críche Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Is ionann sin agus a rá gur féidir le fostaithe de chuid aon eagraíochta in Éirinn nochtadh cosanta a dhéanamh don DPC maidir le comhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí.

Tá feidhm ag an Acht um Nochtadh Cosanta maidir le nochtaí a dhéantar don DPC ar an dóigh sin más rud é:

- maidir leis an duine a dhéanann an nochtadh, go gcreideann sé nó sí le réasún go mbaineann an éagóiritheoireacht iomchuí le reachtaíocht cosanta sonraí, agus
- maidir leis an duine a dhéanann an nochtadh, go gcreideann sé nó sí le réasún go bhfuil an fhaisnéis a nochtar, agus aon líomhain atá inti, fíor go substaintiúil.

Déileáiltear le gach nochtadh ar bhealach dáiríre is cuma cén tslí ina ndéantar iad agus déantar gach iarracht chun aghaidh a thabhairt, ar an dóigh is oiriúnaí agus is féidir, ar na saincheisteanna a ardaítear.

De ghnáth, is ar bhonn rúnda a dhéileáiltear le nochtaí cosanta a dhéantar don DPC. Tá roinnt eisceachtaí ann ina leith sin, mar shampla, más gá, ar mhaithe le himscrúdú éifeachtach na nithe a ardaítear, an duine a dhéanann an nochtadh a shainaithint.

---

[18] I.R. Uimh. 426/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtacht Fuinnimh) 2014
[19] An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Tá tuilleadh faisnéise i dtaobh conas nochtadh cosanta a dhéanamh don DPC ar fáil anseo.

### *An Scéim Teanga*

Tá an DPC tiomanta i leith chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha síos inár gcúigiú Scéimhe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003[20]. Foilsíonn an DPC a chuid bileog, treoirlínte, foirmeacha agus doiciméid thábhachtacha go léir i nGaeilge agus i mBéarla. Tá leagan Gaeilge dá láithreán gréasáin ag an DPC agus tá an chuid is mó d'ábhar an leagain Béarla le fáil ann. Tá ár gcuid foirmeacha ar líne go léir ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla

Tá faisnéis faoi Scéim Teanga an DPC ar fáil ar an leathanach seo.

### *Brústocaireacht a Rialáil*

Leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015,[21] forchuirtear ceanglas ar dhaoine áirithe a dhéanann teagmháil le hoifigigh ainmnithe, is é sin le rá, ceanglas chun mionsonraí a sholáthar don Chlár Brústocaireachta. Is oifigeach ainmnithe é nó í an Coimisinéir um Chosaint Sonraí. Tá mionsonraí iomlána faoi cheanglais na reachtaíochta ar fáil ag www.lobbying.ie. Is féidir teacht ar fhaisnéis maidir le hoifigigh ainmnithe sa Choimisiún um Chosaint Sonraí ar ár láithreán gréasáin ar an leathanach seo.

## 1.3 Struchtúr an DPC

Le hAlt 15 den Acht, foráiltear go gcuimsíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí suas go triúr Coimisinéirí. Is é an Rialtas a cheapann Coimisinéirí tar éis moladh a fháil ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus ceaptar iad ar feadh tréimhse idir ceithre bliana agus cúig bliana. Faoi láthair, tá aon Choimisinéir um Chosaint Sonraí amháin ann, is é sin le rá, Helen Dixon.

Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) an Choimisiúin um Chosaint Sonraí an Coimisinéir um Chosaint Sonraí agus an seachtar Leas-Choimisinéirí. Déanann an CBS formhaoirseacht ar bhainistíocht chuí agus ar rialachas cuí DPC. Tugtar tuileadh mionsonraí faoi ghníomhaíochtaí an CBS i gCaibidil 3.

Tá eagar curtha ar an DPC de réir réimsí sainiúla feidhme agus tá línte soiléire tuairiscithe agus réimsí soiléire freagrachta ann. Tá Leas-Choimisinéir i gceannas ar gach réimse

[20] Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

[21] An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

feidhme ar leith. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoinár struchtúr eagrúcháin ar an leathanach seo ar láithreán gréasáin an DPC.

## 1.4 Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta

Bíonn oibriú éifeachtach an DPC ag brath ar threorú straitéiseach, ar phleanáil fhónta gnó agus ar phróisis bhainistíochta feidhmíochta.

### *Straitéis*

Ar 22 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an DPC a Straitéis Rialála chun an tréimhse ó 2022 go dtí 2027 a chumhdach.

Tá an Straitéis leagtha amach de réir spriocanna bunúsacha a bhfuil misean, fís agus luachanna an DPC mar bhonn agus mar thaca fúthu, iad le chéile a chuireann le soláthar thosaíochtaí straitéiseacha an DPC. Tuigeann an DPC nach féidir leis a chuid uaillmhianta a bhaint amach as féin - beidh comhpháirtíochtaí nua chomh maith le bealaí tarraingteacha nua de dhíth de réir mar a thugaimid aghaidh ar thodhchaí ina mbeidh comhchlaonadh níos cóngaraí i gceist. Mar sin féin, déanann an DPC dul chun cinn ó áit muiníneach: is oifig Rialála an DPC a bhfuil uaillmhian aici, a bhfuil cuspóir soiléir aici, stair éachta, agus todhchaí lena mbaineann gealladh nach beag aici.

D'fhonn an Straitéis Rialála seo a ullmhú, ghlac an DPC páirt i dtréimhse comhairliúcháin atriallaigh le réimse leathan páirtithe leasmhara, páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon, ag bailiú léargais agus taithí ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) ar shaol daoine aonair agus ar eagraíochtaí a fheidhmíonn thar réimse earnálacha. Tá sé soiléir ón machnamh domhain a rinneadh maidir leis na haighneachtaí seo gur ábhar é an GDPR lena mbaineann leas ríthábhachtach do go leor daoine. Faoi mar a dhéantar i gcás reachtaíochta forleithne, ní bhíonn na léirmhínithe éagsúla ó pháirtithe leasmhara ar an gcaoi is fearr leis an GDPR a chur i bhfeidhm ag freagairt dá chéile i gcónaí. Mar sin féin, tá de chúram ar an DPC na cosúlachtaí idir na tuairimí difriúla seo a asbhaint, agus clár oibre maidir le tosaíochtaí rialála a aithint a bhrúfaidh comhlíontacht chun tosaigh agus a chuirfidh torthaí cosanta sonraí níos fearr chun cinn do dhaoine aonair san AE.

Tá an Straitéis Rialála an DPC le haghaidh 2022-2027 ar fail ar an leathanach seo.

### *Pleananna Gnó*

Is é is cuspóir dár bplean gnó bliantúil ná na príomhchuspóirí agus na príomhghníomhaíochtaí a leagan amach trína ndéanfar ár gcuid tosaíochtaí a chur i gcrích mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise. Ullmhaíonn gach aonad ar leith de chuid DPC a phlean gnó féin faoi threoir an Ráitis Straitéise agus baintear úsáid as an bplean sin mar bhonn le haghaidh aidhmeanna daoine aonair mar chuid de phróiseas an

Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Déantar pleananna gnó a chomhdhlúthú isteach i bplean gnó foriomlán bliantúil an DPC agus déantar athbhreithniú ar an bplean sin i rith na bliana.

Ina gcáil mar Chinn Aonaid, tá freagracht ar Choimisinéirí Cúnta i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Pleananna gnó aonaid a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha an DPC;
- Cuspóirí meithleacha oibre a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta agus spriocanna daoine aonair a leagan amach;
- Pleananna gnó a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm;

Tá freagracht ar Leas-Choimisinéirí i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Pleananna gnó a chomhdhlúthú i leith a gcuid réimsí feidhme faoi seach;
- A chinntiú go n-éireoidh le plean gnó foriomlán bliantúil an DPC tosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach;
- Faisnéis uasdátaithe faoi chur i bhfeidhm cuspóirí straitéiseacha a chur ar fáil don Choiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) ar bhonn tréimhsiúil.

### *Bainistíocht Feidhmíochta*

Is próiseas comhoibríoch dhá shlí é an bhainistíocht feidhmíochta agus is próiseas é trína spreagtar do bhaill foirne agus dá mbainisteoirí machnamh, plé agus comhaontú a dhéanamh maidir le nithe nach mór iad a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an duine aonair, ar fheidhmíocht an DPC agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear. Tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ann do gach ball foirne agus ag gach leibhéal sa Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tá CBFF ceaptha chun bheith ina bhealach cothrom éifeachtach chun feidhmíocht a thomhas agus a fhorbairt trí bhíthin phlé oscailte, macánta, dearfach idir bainisteoirí agus baill foirne. Le go mbeidh bainistíocht feidhmíochta éifeachtach tá gá le hathbhreithniú leanúnach fianaise-bhunaithe agus aiseolas faoi fheidhmíocht ar fud na bliana.

Is iad príomhghnéithe CBFF spriocanna a leagan amach, inniúlachtaí iomchuí a shainaithint, spriocanna foghlama a leagan síos agus athbhreithnithe foirmiúla a dhéanamh ar fheidhmíocht agus is bunghnéithe de bhainistiú feidhmíochta iad na nithe sin. Cumasaíonn an plean gnó bliantúil dár mbaill foirne léargas a fháil ar an tslí ina rannchuidíonn a gcuid oibre le spriocanna a meithle oibre, le spriocanna a n-aonaid agus, sa deireadh, le spriocanna an DPC. Tá nasc díreach ann idir an próiseas pleanála gnó agus gach duine ar leithligh den fhoireann trí bhíthin CBFF. Faoin gcóras seo, déantar ról-phróifíl ina léirítear cuspóirí na heagraíochtaí a chomhaontú ar bhonn bliantúil le gach duine ar leith den fhoireann agus déantar spriocanna an bhaill foirne lena mbaineann a leagan amach sa phróifíl sin. Déantar feidhmíocht i ndáil leis baint amach na spriocanna sin a athbhreithniú i lár na bliana agus ag deireadh na bliana.

Tá freagracht ar gach duine ar leith sa DPC i ndáil lena chinntiú go bhfuil a gcuid spriocanna cothrom le dáta agus go bhfuil na spriocanna go léir leagtha amach. Tá

freagracht ar na bainisteoirí ar gach leibhéil i ndáil lena chinntiú go gcloítear go docht le próiseas CBFF. Tá freagracht ar an gCoiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) ina iomláine, agus ar bhaill an choiste sin mar dhaoine aonair, i ndáil lena chinntiú go ndéantar bainistíocht feidhmíochta a oibriú go héifeachtach ar fud an DPC.

### *Tuarascáil Bhliantúil*

Faoi Alt 24 den Acht, ceanglaítear ar an DPC Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú ina leagtar amach faisnéis faoinár gcuid gníomhaíochtaí, príomhghnóthachtálacha, staitisticí agus forbairtí sa bhliain lena mbaineann. Ní mór an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain a fhoilsiú agus cóipeanna di a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann an tuarascáil. Tá ár gcuid tuarascálacha bliantúla don tréimhse sular tugadh isteach an GDPR ar an 25 Bealtaine 2018 ar fáil ar láithreán gréasáin DPC ar an leathanach seo agus tá tuarascálacha bliantúla don tréimhse ón 25 Bealtaine ar aghaidh ar fáil anseo.

## 1.5 Caidreamh le Geallsealbhóirí

Sa Choimisiún um Chosaint Sonraí, aithnímid an tábhacht a bhaineann le caidreamh éifeachtach a bheith ann lenár ngeallsealbhóirí in Éirinn, san Aontas Eorpach agus ar bhonn idirnáisiúnta. Cabhraíonn an caidreamh sin linn tuiscint a fháil ar thuairimí agus ar ionchais éagsúla ár ngeallsealbhóirí agus tugann sé léargas dár ngeallsealbhóirí maidir le cur chuige agus gníomhaíochtaí an DPC maidir le cúrsaí rialála.

### *Cumarsáid Inmheánach*

Tá cleachtais láidre chumarsáide inmheánaí riachtanach i dtaca le hoibriú rathúil an DPC, go háirithe i bhfianaise an fháis atá tagtha ar an eagraíocht agus i bhfianaise na n-athruithe atá déanta ar an gcreat dlíthiúil rialála. Baintear úsáid as roinnt bealaí éagsúla, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, chun a chinntiú go scaiptear faisnéis faoi spriocanna eagrúcháin, faoi chomhthéacs dlíthiúil, faoi fhorbairtí seachtracha agus faoi ghníomhaíochtaí DPC. I measc na mbealaí sin áirítear cruinnithe foirne, faisnéis uasdátaithe a scaipeadh le ríomhphost, feasachán seachtainiúil d’fhoireann DPC, inlíon DPC, cur i láthair maidir le hábhair shonracha agus laethanta cumarsáide don fhoireann ar fad.

### *Caidreamh le Geallsealbhóirí Seachtracha*

Tá DPC tiomanta i leith ár bhfeidhmeanna agus ár gcúraimí a chomhlíonadh ar mhodh chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir, ach aird á tabhairt ar an gcineál oibre atá ar siúl againn.

Faoi Alt 19 den Acht, tá an Coimisinéir cuntasach do Thithe an Oireachtais, go hiondúil trí fhreastal a dhéanamh ar chruinnithe de chuid coistí Oireachtais. Ina theannta sin, mar Oifigeach Cuntasaíochta an DPC, freastalaíonn an Coimisinéir os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP) i nDáil Éireann, de réir mar is gá.

De réir Chiorclán 25 de 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER)[22], soláthraíonn an DPC sainseirbhís chun aghaidh a thabhairt ar fhiosruithe ó chomhaltaí an Oireachtais agus chun aiseolas a fháil.

Reáchtálann an DPC feachtais oscailte chomhairliúcháin maidir le hábhair shonracha amhail treoir agus nithe a bhaineann le cúrsaí straitéise. Is é is príomhaidhm do na comhairliúcháin sin ná a chinntiú go mbíonn deis ag ár ngeallsealbhóirí ionchur fónta a chur ar fáil agus tugann an DPC aird ar aon ionchur a fhaightear mar thoradh ar an gcomhairliúchán. Déantar ár gcomhairliúcháin oscailte phoiblí a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin ar an leathanach seo. Glacann DPC páirt san obair a dhéantar i ndáil le treoirlínte a fhoilsíonn an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (BECS) maidir le hábhair éagsúla agus bíonn comhairliúchán poiblí ann maidir leis na treoirlínte sin sula gcuirtear bailchríoch orthu.

Ina theannta sin, cuireann DPC aighneachtaí ar fáil mar fhreagra ar chomhairliúcháin phoiblí a reáchtálann eagraíochtaí eile más cuí dúinn déanamh amhlaidh mar thoradh ar an ábhar atá i gceist.

De bhreis ar threoir shonrach a ndéantar comhairliúchán poiblí ina leith, déanaimid treoir, blaganna agus faisnéis a ullmhú agus a fhoilsiú go tráthrialta do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí. Is é is cuspóir don mhéid sin ná feasacht a mhéadú maidir le cearta agus oibleagáidí i réimse na cosanta sonraí, comhairle phraiticiúil a thabhairt faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí, agus soiléiriú a thabhairt i ndáil le saincheisteanna sonracha áirithe. Tá ár dtreoir, ár mblaganna agus ár bhfoilseacháin ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dataprotection.ie.

Táimid tiomanta i leith seirbhís éifeachtúil, ghairmiúil, chúirtéiseach a sholáthar do na daoine aonair agus do na heagraíochtaí a dhéanann teagmháil linn agus a mbíonn caidreamh againn leo. Inár gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí leagtar amach an caighdeán seirbhíse ar mian linn é a sholáthar agus tá an chairt sin ar fáil ar an leathanach seo ar ár láithreán gréasáin. Déanaimid tomhas agus measúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcomhthéacs an chaighdeáin sin agus tugaimid tuairisc ar an bhfeidhmíocht sin gach bliain inár dtuarascáil bhliantúil.

In éineacht leis an gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, leagan an Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí amach na bearta le cabhrú leis na gealltanais a rinneadh faoin Chairt a chur i gcrích.

Tá polasaí i bhfeidhm ag an DPC chomh maith maidir le Bainistiú Iompair agus Teagmhálacha Míréasúnta, agus is feidir é seo a fháil anseo.

[22] Ciorclán 25/2016 - Prótacal maidir le Comhlachtaí Stáit a thagann faoi chúram Ranna/Oifigí Rialtais do Sholáthar Faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais, DPER, 2016

## 1.6 Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chreata Rialachais Chorparáidigh

Beidh an Creat Rialachais Chorparáidigh seo faoi réir a athbhreithnithe ar bhonn leanúnach ag Aonad Rialachais agus Rioscaí an DPC lena chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus cothrom le dáta. Leasófar é i gcás ina dtarlaíonn athruithe a bhfuil baint acu le hábhar an chreata.

Tiocfaidh an Creat Rialachais Chorparáidigh faoi réir a athbhreithbithe go tréimhsiúil freisin ag an gCoiste Bainistíochta Sinsearaí d'fhonn aon saincheisteanna a thagann chun cinn a shainaithint, agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna den sórt sin, ar saincheisteanna iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht na heagraíochta agus ar chomhlíonadh oibleagáidí agus fheidhmeanna an DPC.

# Caibidil 2 - Róil agus Sannadh Freagrachta

*Is é is cuspóir don chaibidil seo ná forléargas a sholáthar faoi róil agus faoi fhreagrachtaí lucht bainistíochta sinsearaí an DPC i réimse an rialachais. Soláthraíonn an lucht bainistíochta sinsearaí ceannaireacht agus déanann siad bainistíocht ar chur i bhfeidhm chuspóirí straitéiseacha an DPC chun dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta ionas go mbeidh an fhoireann ar fad ag comhoibriú mar mheitheal oibre éifeachtach. Mar bhuntaca le baint amach an méid sin, tá próiseas pleanála gnó ann mar aon le faireachán rialta a dhéanann an lucht bainistíochta ar dhul chun cinn.*

## 2.1 An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

### *Ról an Choimisinéara*

Tá freagracht ar an gCoimisinéir, i gcomhar leis an gCoiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS), i ndáil le bainistíocht éifeachtach fhoriomlán an DPC, lena n-áirítear bainistiú na foirne, le linn misean DPC a chur i gcrích d'fhonn cearta cosanta sonraí a choimirciú trí comhlíonadh a chur chun cinn trí threoir, trí mhaoirseacht agus trí fhorfheidhmiú.

Tá feidhmeanna an Choimisinéara, lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann le cinntí a dhéanamh agus cumhachtaí a fheidhmiú, leagtha amach san Acht.

### *Oifigeach Cuntasaíochta*

Le hAlt 25 den Acht, foráiltear gurb é nó í an Coimisinéir, nó i gcás níos mó ná aon Choimisinéir amháin a bheith ceaptha faoi alt 15 den Acht, gurb é nó í Cathaoirleach an Choimisiúin an t-oifigeach cuntasaíochta i ndáil le cuntais leithreasa an Choimisiúin chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998. Faoi láthair tá aon Choimisinéir um Chosaint Sonraí amháin ann agus, dá bhrí sin, is é an Coimisinéir sin an tOifigeach Cuntasaíochta don DPC.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá roinnt freagrachtaí ar an gCoimisinéir[23], lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta don mhéid sin:

- Cistí poiblí agus maoin phoiblí atá faoina hurláimh a choimirciú;
- Rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart go léir sa Chuntas Leithreasa a bhfuil a síniú air;
- Barainneacht agus éifeachtúlacht i dtaca le riaradh na heagraíochta; áiríonn sé sin deimhin a dhéanamh de go mbíonn córais dhóthanacha bainistíochta airgeadais ann chun riaradh cuí na heagraíochta a chothú ar bhealach eacnamúil éifeachtúil.

[23] Mar atá leagtha amach in Ról agus Freagrachtaí Oifigeach Cuntasaíochta - Meabhrán d'Oifigigh Chuntasaíochta arna eisiúint ag DPER sa bhliain 2011.

- Dóthanacht na socruithe atá ann laistigh den oifig chun cirte na n-íocaíochtaí go léir faoina hurláimh agus gnóthú pras éifeachtúil na bhfáltas go léir a bhaineann le Vóta an DPC (Vóta 44), nó le haon chiste a bhfuil freagracht ar DPC ina leith, a chinntiú;
- A chinntiú go bhfaightear ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) le haghaidh caiteachais, de réir mar is gá, agus taifead lárnach a choimeád i ndáil le ceaduithe tarmligthe agus ceaduithe sonracha araon;
- Freagrachtaí maidir le hiniúchadh inmheánach, lena n-áirítear athbhreithniú rialta ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh lena chinntiú go bhfuil deimhniú inmhianaithe ann i leith dhóthanacht, iontaofacht agus éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta.

### *Údarás Cuí*

Faoi Alt 169 den Acht, is é nó í an Coimisinéir an tÚdarás Iomchuí chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 de réir mar atá feidhm aige maidir le foireann an DPC.

I mí na Samhna 2021, síníodh Ordú ón Aire, ina n-ainmnítear an Coimisinéir um Chosaint Sonraí bheith ar an Údarás Iomchuí, faoi Alt 20(2) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tá fostaithe an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, a bhí fostaithe roimhe seo ag an Roinn Dlí agus Cirt, ina bhfostaithe de chuid an DPC anois.

## 2.2 Róil agus Freagrachtaí

In Alt 13 den Acht, i measc nithe eile, leagtar amach an t-údarú ar faoi a fheidhmíonn baill foirne an Choimisiúin feidhmeanna an Choimisiúin. Tá sannadh freagrachtaí i gcomhréir le cúraimí agus tosaíochtaí an DPC de réir mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise reatha agus inár bplean gnó. I struchtúr eagrúcháin an DPC atá ar fáil ar láithreán gréasáin an DPC ar an leathanach seo, leagtar amach na cuntasachtaí sonracha atá sannta do Leas-Choimisinéirí agus do Choimisinéirí Cúnta/Chinn Aonaid. Is iad na freagrachtaí sin a fheidhmíonn mar bhonn le haghaidh chreat foriomlán bainistíochta agus rialachais an DPC.

## Caibidil 3 – Struchtúir Bhainistíochta agus Rialachais

*Is é is cuspóir don chaibidil seo ná forléargas a sholáthar faoi struchtúir bhainistíochta an DPC.*

### 3.1 An Coiste Bainistíochta Sinsearaí

Áiríonn Cuimsíonn Coiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS)[24] an Choimisiúin um Chosaint Sonraí an Coimisinéir um Chosaint Sonraí agus an seachtar Leas-Choimisinéirí. Is é is cuspóir don CBS ná formhaoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar bhainistíocht chuí agus ar rialachas na heagraíochta i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís.[25]Soláthraíonn an CBS ceannaireacht straitéiseach, bainistíocht agus formhaoirseacht don eagraíocht agus leagann sé amach príomhthosaíochtaí, aidhmeanna agus cuspóirí gan trácht ar dhualgais eile a chomhlíonadh.

Feidhmíonn an CBS de réir a chuid Téarmaí Tagartha a ndéanann an CBS athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil, nó de réir mar is gá, lena chinntiú go bhfuil sé ag oibriú ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir agus chun aon athruithe a mheasann sé go bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm. Tá Téarmaí Tagartha an CBS ar fáil ag an nasc seo.

Tagann an CBS le chéile go tráthrialta de réir mar is gá agus feidhmíonn an Coimisinéir mar chathaoirleach ar na cruinnithe sin. Bíonn sceideal foirmiúil ann ina gcuimsítear nithe atá le breithniú agus le cinneadh d'fhonn formhaoirseacht agus rialú éifeachtach a chinntiú san eagraíocht.  I measc na nithe sin, áirítear an méid seo a leanas, gan bheith teoranta don mhéid sin:

- Treo straitéiseach agus dúshláin
- Straitéis oibríochtúil agus feidhmíocht
- Saincheisteanna suntasacha beartais agus saincheisteanna trasearnála de chineál níos leithne
- Bainistíocht acmhainní
- Bainistíocht feidhmíochta
- Bainistíocht airgeadais
- Nithe a bhaineann leis na meáin agus le cúrsaí cumarsáide
- Nithe a bhaineann le rialachas corparáideach
- Nithe a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a fháil
- Beartais maidir le bainistíocht rioscaí - lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus bainistiú/maolú leanúnach rioscaí
- Tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais DPC (arna n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste).

[24] Cé go moltar sa Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís an téarma 'Bord Bainistíochta' a úsáid mar chur síos ar na struchtúir fhoirmiúla bhainistíochta, ní úsáideann DPC an téarma sin ós rud é nach Roinn Rialtais é.
[25] Caighdeán Rialachais don Státseirbhís arna eisiúint ag DPER (2015)

Déantar na cinntí a dhéanann an CBS, mar aon le gníomhartha a bhfuil gá leo mar thoradh ar na cinntí sin, a thaifeadadh i miontuairiscí ceadaithe agus cuirtear na miontuairiscí sin ar fáil do gach ball foirne de chuid an DPC. Faigheann an CBS tacaíocht ó Cheann Aonad Rialachais agus Rioscaí an DPC agus feidhmíonn an ceann aonaid sin mar Rúnaí don CBS. Freastalaíonn Ceann Airgeadais an DPC ar chruinnithe de chuid an CBS freisin. Ó am go ham, d'fhéadfadh sé go mbeadh baill eile de chuid fhoireann an DPC i láthair ag cruinnithe CBS agus sin ag brath ar na nithe atá ar an gclár oibre.

Déantar measúnacht ar an CBS ar bhonn bliantúil chun cur i bhfeidhm aidhmeanna agus feidhmíocht a thomhas.

## 3.2 Leas-Choimisinéirí

Déantar cuntasachtaí sonracha do Leas-Choimisinéirí ina ról mar chinn réimsí feidhme. Mar bhaill den Choiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS), tá ról tábhachtach ceannaireachta ag Leas-Choimisinéirí maidir le cuspóirí straitéiseacha an DPC a chur i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, maidir le bainistíocht agus rialachas san eagraíocht.

Faoi láthair, tá seachtar Leas-Choimisinéirí ann sa DPC agus tá a gcuid ról leagtha amach i struchtúr eagrúcháin an DPC atá ar fáil ar láithreán gréasáin an DPC ag an leathanach seo. Is iad na freagrachtaí sin a fheidhmíonn mar bhonn le haghaidh chreat foriomlán bainistíochta agus rialachais an DPC.

## 3.3 Coistí Eile

Is féidir leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí coistí a bhunú chun cabhrú léi agus comhairle a thabhairt di i ndáil le feidhmiú a feidhmeanna. Faoi láthair, táthar tar éis na coistí seo a leanas a bhunú:

- An Coiste Bainistíochta Sinsearaí (féach 3.1 thuas)
- An Coiste Fiosrúchán (féach thíos)
- An Coiste Iniúchta agus Rioscaí (féach Caibidil 4)
- An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta (féach thíos)

### *An Coiste Fiosrúchán*

Cabhraíonn ár gCoiste Fiosrúchán leis an DPC le linn a ghníomhaíochtaí maoirseachta a chur i gcrích. Is é is príomhchuspóir don Choiste cinntí a dhéanamh maidir leis na hábhair seo a leanas:

i. Tús a chur le fiosrúcháin faoi Alt 110(1) nó 123(1) den Acht;
ii. Cuntasacht agus sannadh acmhainní chun aon fhiosrúchán atá daingnithe faoi i. thuas.

Ina theannta sin, is féidir leis an gCoiste cinntí eile a dhéanamh a bhaineann le fiosrúcháin nó lena soláthraítear treoir shonrach amhail na samplaí seo a leanas, gan bheith teoranta do na samplaí sin:

- An bonn le fiosrúchán faoi Ailt 111/124 (de thoil an Choimisiúin) nó faoi Ailt 112/125 ar bhonn gearáin);
- Fiosrúchán atá ar siúl a iarchur nó deireadh a chur leis an tosaíocht atá aige;
- An oiriúnacht atá ag cur chuige malartach i leith ábhar ar leith, rud a bhféadfadh feidhmiú cumhachtaí a bheith ag gabháil leis;
- Tús a chur le himscrúdú faoi Alt 110(2)(b) den Acht.

Áiríonn scóip an Choiste Fiosrúchán cinntí maidir le fiosrúcháin trasteorann agus fiosrúcháin neamh-thrasteorann a bhfuil tús le cur leo faoin GDPR. Ina theannta sin, áiríonn a scóip cinntí nó fiosrúcháin a gcuirtear tús leo faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí. Tá Téarmaí Tagartha an Choiste Fiosrúchán ar fáil ag an nasc seo.

## *An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta*

Táimid tiomanta i leith timpeallacht oibre atá slán agus folláin a chur ar fáil dár mbaill foirne, do chuairteoirí , do chonraitheoirí agus do dhaoine den phobal de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005[26], na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte & Leas (Feidhm Ghinearálta) 2007[27] agus reachtaíocht eile.

Tá an Leas-Choimisinéir le haghaidh Gnóthaí Corparáideacha, Meán agus Cumarsáide freagrach i ndáil le comhordú shocruithe sláinte agus sábháilteachta an DPC. Faigheann sé cúnamh ón gCoimisinéir Cúnta ar a bhfuil freagracht i ndáil le Seirbhísí Corparáideacha agus ó fhoireann an Choimisinéara Chúnta sin.

Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta bunaithe ag an DPC chun cabhair a thabhairt maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn sa DPC. Tagann an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta le chéile ar bhonn tréimhsiúil agus, i measc nithe eile, feidhmíonn sé mar mhodh dhá threo trínar féidir leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne faisnéis a mhalartú i ndáil le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, breithníonn sé moltaí agus déanann sé moltaí maidir le nithe a bhaineann le cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus leasa i gcoitinne, athbhreithníonn sé measúnachtaí rosca, tuarascálacha faoi chigireachtaí agus faoi iniúchtaí agus cinntíonn sé go ndéantar gníomh pras feabhais nuair is gá sin, athbhreithníonn sé staitisticí faoi thionóiscí/theagmhais agus déanann sé moltaí agus breithníonn sé modhanna chun sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.

[26] An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005
[27] Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007

## Caibidil 4 – Socruithe maidir le hIniúchadh, Deimhniú agus Comhlíonadh

*Is é is cuspóir don chaibidil seo forléargas a sholáthar faoi na caidrimh chuntasachta airgeadais, faoi na feidhmeanna iniúchta agus grinnscrúdaithe agus faoi na socruithe deimhnithe eagrúcháin atá ann sa DPC.*

## 4.1 Socruithe maidir le Comhlíonadh

Tá ár gcuid socruithe maidir le comhlíonadh ina gcuid thábhachtach den tslí ina ndéanann an DPC bainistíocht ar rioscaí agus ina gcloíonn sé le hoibleagáidí reachtúla. Bíonn an faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanaimid ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar eolas a fhaightear ó obair an DPC, an Aonaid Airgeadais, iniúchóirí inmheánacha agus iniúchóirí seachtracha, Choiste Iniúchta agus Rioscaí an DPC, Aonad Rialachais agus Riosca an DPC agus an CBS.

### *An tAonad Airgeadais*

Tuairiscíonn an tAonad Airgeadais don Leas-Choimisinéir le haghaidh Gnóthaí Corparáideacha, Meán agus Cumarsáide agus déanann sé formhaoirseacht ar riaradh Vóta an CSS (Vóta 44). Seo a leanas ról an Aonaid Airgeadais:

- Caibidlíocht, comhordúchán agus faireachán a dhéanamh i ndáil le buiséid a bhaineann le costais riaracháin an DPC;
- Clár buiséid (cláir bhuiséid) a chomhaontú agus tuairisciú a dhéanamh faoi tháscairí feidhmíochta;
- Próiseáil a dhéanamh ar na híocaíochtaí agus ar na fáltais go léir ó chuntais an DPC, agus chuig na cuntais sin, i gcomhréir le Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe[28];
- Faireachán agus anailís a dhéanamh ar chaiteachas i gcomparáid le buiséid chomhaontaithe agus tuairisciú a dhéanamh don CBS de réir mar is gá agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) trí bhíthin chruinnithe míosúla an Choiste Airgeadais a dhéanann formhaoirseacht ar an nGrúpa Vótaí Dlí agus Cirt;
- An Cuntas Leithreasa a ullmhú ag deireadh gach bliana airgeadais lena iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus faisnéis a sholáthar de réir mar is gá le haghaidh iniúchtaí breise;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le foireann Seirbhísí Comhroinnte na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena chinntiú go bhfuil an comhaontú leibhéil seirbhíse á chomhlíonadh i ndáil le cuntais iníoctha, párolla, baincéireacht, cánachas agus sócmhainní dochta;

[28] Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí DPER (2012)

- Idirchaidreamh a dhéanamh le Rannán Acmhainní Daonna na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le bainistíocht agus riaradh an phárolla ar mhaithe le baill foirne atá sannta don DPC.
- Faisnéis bhainistíochta maidir le cúrsaí airgeadais an DPC a sholáthar don CBS agus do gheallsealbhóirí seachtracha iomchuí, de réir mar is gá;
- Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do gheallsealbhóirí inmheánacha agus do gheallsealbhóirí seachtracha.

Coinníonn Aonad Airgeadais an DPC na polasaithe agus nósanna imeachta maidir le hairgeadas don DPC agus cuireann sé faisnéis ar fáil don bhall foirne maidir le hoibleagáidí a bhaineann le cúrsaí airgeadais.

Baineann ciorcláin na Ranna Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) leis an fhoireann go léir i dtaca le costais ag éirí as taisteal ar ghnó oifigiúil agus íocaíochtaí chothaithe atá mar bhonn de Chiorclán 11/82. Eisíonn an tAonad Airgeadais fógraí leis an fhoireann ó am go ham le cur i gcuimhne dóibh maidir lena n-oibleagáidí faoi chiorcláin DPER éileamh a chur isteach ar thaisteal agus cothú. Go hoibríochtiúil, déantar éilimh a phróiseáil tríd an tairseach Seirbhíse Chomhroinnte Phárolla (PSSC). Déantar éilimh a chuirtear isteach tríd an tairseach a sheiceáil agus a cheadú ag bainisteoirí line.

### *Iniúchadh Inmheánach*

Is gníomhaíocht neamhspleách oibiachtúil deimhnithe agus comhairliúcháin í an t-iniúchadh inmheánach agus tá sí ceaptha chun breisluach a chur ar fáil agus feabhas a chur ar oibríochtaí an DPC. Is atá i bpríomhchuspóir an Iniúchta Inmheánaigh ná comhairle neamhspleách agus deimhniú a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta i leith éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh, rialachais agus bainistíochta atá ann sa DPC.

Tá an tIniúchadh Inmheánach ina chuid dár bhfeidhm rialachais agus cuntasachta. Cuireann sé an fheidhm sin i gcrích trí dheimhniú réasúnach iniúchta a sholáthar á rá go ndéantar rioscaí oibriúcháin a shainaithint, a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, atá seachfhoinsithe agus a bhaineann úsáid as pearsanra a bhfuil oilte mar is cuí. Feidhmíonn sé chomh maith de réir cairt scríofa, a bhí ceadaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Déantar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí neamhchosanta orthu, agus deánann an anailís sin eolas d’obair na feidhme iniúchta inmheánaigh. Tá pleananna bliantúla an DPC maidir le hiniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís seo chomh maith. Déanann an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchta agus Rioscaí athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta i bfheidhm lena chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh agus go dtugtar tuariscí don CBS go rialta.

Leanann an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh na Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh do Ranna agus Oifigí Rialtais.[29]

Déanann Coiste Iniúchta agus Rioscaí DPC formhaoirseacht ar obair Aonad Iniúchta Inmheánaigh an DPC ar mhaithe le deimhniú a thabhairt ar rialuithe inmheánacha agus ar fhormhaoirseacht.

### *Bainistíocht Rioscaí*

I mBeartas Bainistíochta Riosca an DPC leagtar amach an cur chuige atá againn maidir le bainistíocht rioscaí agus róil agus freagrachtaí an CBS, na gceann aonaid, bhainisteoirí an DPC agus bhaill foirne an DPC. Ina theannta sin, déantar na príomhghnéithe den phróiseas bainistíochta rioscaí a leagan amach sa bheartas agus déantar cur síos ar an tslí ina ndéanann an DPC rioscaí a bhaineann leis an eagraíocht a chinneadh agus a thaifeadadh. Déanann an DPC na nósanna imeachta atá leagtha amach ina bheartas bainistíochta rioscaí a chur i bhfeidhm agus coimeádann sé clár rioscaí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe[30]. Áiríonn sé sin measúnacht chuí a dhéanamh ar phríomhrioscaí an DPC agus is é a bhíonn i gceist leis sin ná cur síos a dhéanamh ar an riosca agus ar bhearta nó straitéisí gaolmhara chun an riosca lena mbaineann a rialú agus a mhaolú.

Déanann Aonad Rialachais agus Riosca an DPC faireachán agus athbhreithniú ar chlár na rioscaí. Athbhreithníonn an CBS é ar bhonn tráthrialta. Déantar na nithe seo a leanas a shainaithint sa chlár:

- An Riosca
- Na rialuithe atá i bhfeidhm
- Rátáil an riosca
- Gníomh chun feabhas a chur ar an rialú d'fhonn an riosca a mhaolú

Agus príomhthosaíochtaí an DPC á gcur san áireamh, is é a bhíonn i gceist le bainistíocht rioscaí ná athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an timpeallacht inmheánach agus ar an timpeallacht seachtrach ina n-oibríonn an DPC agus foláireamh a thabhairt don lucht bainistíochta sinsearaí má tá rioscaí a shainaithnítear thar leibhéal inghlacthachta riosca na heagraíochta. Déantar ábhar chlár na rioscaí a uasdátú go leanúnach chun bainistíocht éifeachtach rioscaí a chinntiú agus chun faireachán a dhéanamh ar rialuithe.

## 4.2 An Coiste Iniúchta agus Riosca

I gcomhréir leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (2015) , agus, ina theannta sin, maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit (2016)[31], tá a

---

[29] Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh do Ranna agus Oifigí Rialtais, DPER (2018)

[30] Treoir maidir le Bainistíocht Rioscaí do Ranna agus d'Oifigí Rialtais, DPER (2016)

[31] Tá feidhm ag an *gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís* maidir leis an DPC ina cháil mar chomhlacht lena ngabhann vóta. Ach, ó tharla nach dtugtar treoir mhionsonraithe sa

Choiste Iniúchta agus Riosca féin bunaithe ag an DPC mar Choiste de chuid an DPC, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020

### *Cuspóir*

Tá sé de chúram ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca comhairle neamhspleách a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus daingne chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh an DPC. Tá údarú ón Oifigeach Cuntasaíochta ag an gCoiste chun aon fhaisnéis a lorg a bhfuil gá léi a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus tá treoir faighte ag na baill foirne comhoibriú le haon iarrataí a fhaightear ón gCoiste.

Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca comhairle don Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

- Próiseas agus gníomhaíochtaí deimhniúcháin an CSS i ndáil le bainistíocht rioscaí, rialuithe inmheánacha agus rialachas,
- Beartais agus nósanna imeachta an DPC, lena n-áirítear an próiseas i leith athbhreithniú na ráiteas airgeadais roimh thíolacadh na ráiteas sin lena n-iniúchadh,
- Ná gníomhaíochtaí atá beartaithe, na haschuir agus na torthaí a bhaineann le hiniúchtaí inmheánacha agus le hiniúchtaí seachtracha araon,
- Dóthanacht fhreagraí an lucht bainistíochta ar shaincheisteanna a shainaithnítear mar thoradh ar ghníomhaíocht iniúchta.

Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ann i measc ghníomhaíochtaí an Choiste le linn a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i leith comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta, ach bheith teoranta don mhéid seo a leanas:

- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh an DPC, ar scóip bheartaithe gníomhaíochtaí iniúchta agus ar an tosaíocht a thugtar do réimsí riosca, agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hiniúchadh inmheánach i gcomparáid leis an sceideal bliantúil;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta agus ar litreacha uiríll ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), na freagraí a athbhreithniú, agus teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an C&AG ar bhonn bliantúil ar a laghad;
- Na dréachtráitis airgeadais a athbhreithniú sula moltar iad lena nglacadh ag an Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear aird a thabhairt ar an tslí inar cuireadh beartais i bhfeidhm chun taifeadadh cuí a chinntiú, aird a thabhairt ar an tslí inar cuireadh próisis i bhfeidhm chun rialtacht, macántacht agus cuibheas a chinntiú, measúnacht a dhéanamh i dtaobh ar déileáladh go cuimsitheach agus go cuí le saincheisteanna a d'ardaigh an C&AG, agus measúnacht a dhéanamh i dtaobh an dtugann na ráiteas airgeadais léargas cothrom ar staid airgeadais an DPC.

---

Chaighdeán sin i ndáil le Coistí Iniúchta agus Riosca, baineann an DPC leas as gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú freisin ina chuid struchtúr rialachais, lena n-áirítear a Choiste Iniúchta agus Riosca féin, ar doiciméad é sin a d'eisigh DPER (2016).

- Faireachán, athbhreithniú agus daingniú a dhéanamh i ndáil le héifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha an DPC agus éifeachtacht beartas gaolmhar, lena n-áirítear i réimsí na bainistíochta rioscaí, na rialuithe airgeadais agus na rialuithe fála, d'fhonn luach ar airgead a chinntiú.

***Baill***

Is iad seo a leanas baill reatha an Choiste Iniúchta agus Riosca:

- Conan McKenna (Cathaoirleach)
- Graham Doyle (Leas-Choimisinéir, Ceann Gnóthaí Corparáideacha, Meán & Cumarsáide)
- Michael Horgan
- Karen Kehily
- Bride Rosney

Tá tuilleadh faisnéise faoi Choiste Iniúchta agus Riosca an DPC, lena n-áirítear Téarmaí Tagartha an Choiste, ar fáil ar láithreán gréasáin an DPC ar an leathanach seo.

## 4.3 An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é nó í an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir seachtrach an DPC. Buaileann Coiste Iniúchta agus Riosca an DPC go díreach le hionadaithe de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir mar is gá agus uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Tá sé de cheangal ar an DPC Cuntas Leithreasa a ullmhú ar bhonn bliantúil agus déantar an cuntas sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire agus Cuntas faoin 31 Márta sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann an cuntas. Is é an tAonad Airgeadais a ullmhaíonn an Cuntas Leithreasa ar cuntas é a bhfuil gá leis chun ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus treoracha eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh. Ní mór Ráiteas ar Rialú Inmheánach, agus é sínithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta, a bheith ann sa chuntas leithreasa. Láithríonn an Coimisinéir um Chosaint Sonraí os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí de réir mar a iarrtar amhlaidh chun an cuntas leithreasa, an ráiteas gaolmhar ar rialuithe inmheánacha agus nithe gaolmhara a phlé.

## 4.4 Caidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt

Déantar maoiniúchán bliantúil an DPC a sholáthar trí Vóta ar leithligh an DPC (Vóta 44), mar cheann amháin de na Vótaí atá ann i nGrúpa Vótaí na Roinne Dlí agus Cirt. Maidir le feidhmeanna áirithe de chuid an DPC, is gá caidreamh leis an Aire nó leis an Rialtas ina leith i ndáil le nithe sonracha oibríochtúla. De bhreis air sin, soláthraíonn an Roinn seirbhísí oibríochtúla áirithe don DPC chun tacú le croífheidhmeanna corparáideacha an DPC d'fhonn leas a bhaint as barainneachtaí scála. Tagann na seirbhísí sin faoi réir Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse agus Comhaontú Próiseála Sonraí.

### *Seirbhísí Comhroinnte a Sholáthar*

Soláthraíonn an tOifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt litir dheimhniúcháin d'Oifigeach Cuntasaíochta an DPC, is é sin le rá, litir a bhaineann leis na rialuithe atá i bhfeidhm chun seirbhísí airgeadais comhroinnte a sholáthar ar seirbhísí iad a sholáthraíonn lárionad Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte na Roinne don DPC.

Soláthraíonn Ceann na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sa Roinn Dlí agus Cirt litir dheimhniúcháin d'Oifigeach Cuntasaíochta an DPC, is é sin le rá, litir a bhaineann leis na rialuithe atá i bhfeidhm chun seirbhísí TFC a sholáthar ar seirbhísí iad a sholáthraíonn Rannán TFC na Roinne don DPC.

### *Ceisteanna Parlaiminte*

Soláthraíonn an DPC faisnéis don Aire Dlí agus Cirt, tríd an Roinn Dlí agus Cirt, chun cabhair a thabhairt i ndáil le freagracht an Aire maidir le Ceisteanna Parlaiminte a fhreagairt i nDáil Éireann; baineann an fhaisnéis sin le húsáid na gcistí a fhaigheann an DPC agus lena chuid feidhmeanna riaracháin seachas le gníomhaíochtaí maoirseachta an DPC le linn a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

## 4.5 Freagracht ar Gach Ball Foirne

Tá freagracht ar gach ball foirne de chuid an DPC i ndáil le dea-rialachas trí chloí le Cód Caighdeán agus Iompraíochtaí na Státseirbhíse[32] le linn a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus, chomh maith leis sin, trí chloí le gach beartas corparáideach, nós imeachta, ciorclán agus Fógra Oifige. Tá an Creat Rialachais Chorparáidigh seo ina dhoiciméad tábhachtach do gach ball foirne de chuid an DPC agus is doiciméad é ina leagtar amach ár gcuid freagrachtaí agus caighdeán oibríochtúil.

## 4.6 Saoráil Faisnéise

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tugtar ceart do dhaoine aonair rochtain a fháil ar thaifid a shealbhaíonn comhlachtaí Saorála Faisnéise. Ní mór do chomhlachtaí Saorála Faisnéise míniú a thabhairt do dhaoine aonair mura dtugtar an méid a d'iarr siad dóibh. Tagann an DPC go páirteach faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Ní bhaineann sé ach amháin le taifid a bhaineann le riaradh ginearálta an DPC agus ní bhaineann sé ach amháin le taifid den sórt sin a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 2008. Dá dhroim sin, ní féidir taifid a bhaineann feidhmeanna an DPC i dtaca le maoirseacht, rialáil, comhairliúchán, déileáil le gearáin nó imscrúdúchán (lena n-áirítear cás-chomhaid) de a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

[32] Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse SIPO (2004)

Tá tuilleadh faisnéise lena n-áirítear faisnéis i dtaobh conas iarraidh Saorála Faisnéise a dhéanamh chuig an DPC ar fáil anseo.

## 4.7 Cosaint Sonraí

Soláthraíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) faisnéis agus comhairle do bhaill foirne an DPC maidir lena n-oibleagáidí de bhun na reachtaíochta a bhaineann le cosaint sonraí. Déanann an OCS faireachán ar chomhlíontacht agus ar bheartais an DPC i ndáil le cosaint sonraí pearsanta, soláthraíonn sé/sí comhairle i leith measúnachtaí tionchair cosanta sonraí agus déanann sé/sí faireachán ar fheidhmíocht i leith na nithe sin agus gníomhaíonn sé/sí mar phointe teagmhála d'ábhair shonraí.

I Ráiteas an DPC maidir le Cosaint Sonraí, soláthraítear faisnéis faoi shlite ina mbailíonn, ina stórálann agus ina n-úsáideann an DPC sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair (ábhair shonraí). Baineann an Ráiteas sin maidir le Cosaint Sonraí le sonraí pearsanta a fhaigheann an DPC i gcás ina ndéanann ábhair shonraí teagmháil leis an DPC go díreach nó ina n-iarrann siad faisnéis ar an DPC agus, ina theannta sin, baineann sé le sonraí pearsanta a fhaigheann an DPC ar mhodh neamhdhíreach. Tá an Ráiteas Cosanta Sonraí ar fáil anseo.

## 4.8 Soláthar Poiblí

Táimid tiomanta i leith deimhin a dhéanamh de go gcloíonn an DPC leis na ceanglais a bhaineann le soláthar poiblí agus go n-urramaíonn sé go hiomlán na tairseacha luacha reatha a ghabhann le cur i bhfeidhm rialacha AE agus rialacha náisiúnta maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. Tá Beartais agus Nósanna Imeachta maidir le Soláthar Earraí agus Seirbhísí ag an DPC agus scaiptear an t-ábhar sin ar gach ball den fhoireann.

Glacann an DPC páirt iomlán i dtionscnaimh leanúnacha de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais chun sábháil a bhaint amach i dtaca le soláthar earraí agus seirbhísí agus chun comhtháthú a bhaint amach i ndáil le seirbhísí agus earraí a fhoinsiú. Cuireann ár nOifigeach Cuntasaíochta tuarascáil bhliantúil ar fáil don C&AG, ar tuarascáil í ina leagtar amach mionsonraí faoi aon chonarthaí a bronnadh agus ar mó a luach ná €25,000 (gan CBL a áireamh) agus ar conarthaí iad nár cuireadh faoi réir próiseas tairisceana comórtais, más ann d'aon chonarthaí den sórt sin. Foilsítear sonraí conarthaí a bhronntar thar €25,000 ar www.etenders.gov.ie de réir dlí na hÉireann agus Treoracha an AE.

## Aguisín

### *A. Acmhainní agus Doiciméid an DPC*

i. Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí (DPC)
ii. Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí (DPC)
iii. Saoráil Faisnéise sa DPC
iv. Nochtadh Cosanta a dhéanamh don DPC
v. Oifigigh Phoiblí Ainmnithe sa DPC (Brústocaireacht a Rialáil)
vi. Comhairliúcháin Phoiblí sa DPC
vii. Ráiteas Straitéise an DPC 2019
viii. Foilseacháin sa DPC
ix. Struchtúr Eagrúcháin an DPC
x. An Coiste Iniúchta agus Rioscaí - Téarmaí Tagartha
xi. An Coiste Fiosrúchán - Téarmaí Tagartha
xii. An Coiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) - Téarmaí Tagartha

### *B. Treoir, Cóid agus Caighdeáin*

i. Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse, SIPO (2004)
ii. An Plean Athnuachana don Státseirbhís, DPER (2014)
iii. Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, DPER (2015)
iv. Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, DPER (2016)
v. Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú - Treoir ón gCoiste Iniúchta agus Riosca, DPER (2016)
vi. Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh do Ranna agus d'Oifigí Rialtais, DPER (2018)
vii. Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, DPER (2012)
viii. Cód maidir le Caiteachas Poiblí, DPER (2019)
ix. Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasachta, DPER (2002)
x. Treoir maidir le Bainistíocht Rioscaí do Ranna agus d'Oifigí Rialtais, DPER(2016)
xi. Ról agus Freagrachtaí Oifigeach Cuntasaíochta - Meabhrán d'Oifigigh Chuntasaíochta, DPER (2011)

### *C. Reachtaíocht*

i. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679
ii. An Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (AE) 2016/680
iii. An tAcht um Chosaint Sonraí 2018
iv. Na Rialacháin maidir le r-Phríobháideachas, 2011
v. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995
vi. An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014
vii. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
viii. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
ix. An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997
x. An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015
xi. An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

xii. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 Acht, 2005
xiii. Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éire

Data Protection Commission
21 Fitzwilliam Square, Dublin 2,
D02 RD28, Ireland